An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0060/2019**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna**

**Scéim um Shaoire Bhreoiteachta do Chúntóirí Riachtanas atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta**

Faoin Scéim Saoire Bhreoiteachta, tugadh isteach Filleadh i bPáirt ar an Obair ar bhonn píolótach do scoilbhliain 2020/21. Féach Nóta Eolais 010/2020 ar chóir a léamh in éineacht le halt 12 den Chiorclán seo.

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna, de bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), fostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a fheidhmiú, mar a luaitear, le haghaidh cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) fostaithe i bpoist CRS atá maoinithe ag airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil.

Ní mó do gach fostóir agus CRSanna cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe mar a luaitear le héifeacht ó dháta an Chiorcláin seo.

Téann an Ciorclán seo in ionad gach ciorcláin, meabhráin, rialach agus rialacháin roimhe seo maidir le Saoire Bhreoiteachta do CRSanna atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta.

Cinntigh, le do thoil, go gcuirtear ábhar an Chiorcláin seo in iúl do gach ball den Bhord Bainistíochta/Boird Oideachais agus Oiliúna agus gach CRS atá fostaithe agaibh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cead neamhláithreachta acu.

Ba chóir gach ceist a chur ar dtús in iúl don fhostóir, agus féadfar gur mian leisean dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Is féidir aon cheist ina dhiaidh sin a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/
Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla

18 Deireadh Fómhair 2019

## SAINMHÍNITHE

Don Chiorclán seo beidh an chiall a thugtar dóibh ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

**RFTF** – ciallaíonn sin an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**Aisamharc Déach** – ciallaíonn sé seo go n-athbhreithnítear taifead saoire breoiteachta cúntóra riachtanas speisialta le haghaidh pá a ríomh thar thréimhse rollach ceithre bliana ar dtús agus ansin athbhreithnítear é thar thréimhse rollach aon bhliain amháin.

**Fostóir** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoile (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimseacha. Féadfaidh an BOO freagracht a tharmligean de réir mar is cuí le haghaidh nithe a leagtar amach sa Chiorclán seo.

**BOO** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna.

**Bliain Saoire** – ciallaíonn sé seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa san áireamh i ngach bliain.

**Seirbhís Sláinte Ceirde (SSC)** – ciallaíonn sé seo soláthraithe comhairle míochaine neamhspleáiche maidir le sláinte cheirde don fhostóir.

**Córas Éilimh Ar Líne (CÉAL)** – ciallaíonn sé seo an córas le haghaidh neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus éilimh ar CRSanna ionadaíocha a chur isteach de réir mar atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

**Pámháistir** – ciallaíonn sé seo an eagraíocht atá mbun tuarastail a íoc. Is é seo an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás CRSanna i mbunscoileanna (lena n-áirítear pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus BOOanna i gcás CRSanna i ngairmscoileanna/coláistí pobail.

**ÁSPC** – ciallaíonn sé seo Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta.

**Scoil Aitheanta** – ciallaíonn sé seo scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 10 den Acht Oideachais 1998.

**Scoilbhliain** – mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go ham, a thosaíonn faoi láthair ar an 1 Meán Fómhair agus a chríochnaíonn ar an 31 Lúnasa.

**CRS** – ciallaíonn sé seo Cúntóir Riachtanas Speisialta.

**An Roinn** – Ciallaíonn sé seo An Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Saoire Neamhcheadaithe (gan phá)** – ciallaíonn sé seo saoire a ghlacann CRS nach bhfuil ceadaithe ag an bhfostóir.

## 1. Scéim um Shaoire Bhreoiteachta

1.1 Tá an Scéim um Shaoire Bhreoiteachta, atá i bhfeidhm ar CRSanna, á rialú ag na Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014, SI 124 de 2014, arna leasú ag na Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú) 2015, SI 384 de 2015.

1.2 Sainmhínítear tréimhse breoiteachta mar aon tréimhse ina bhfuil CRS neamhábalta de réir míochaine a d(h)ualgais ina n-iomláine a chur i gcrích is cuma má tá an scoil oscailte nó mura bhfuil.

1.3 Féadfar Saoire Bhreoiteachta a dheonú ar CRS nach bhfuil in ann a d(h)ualgais a

- chur i gcrích mar gheall ar thinneas nó ar ghortú *nó*
- nuair atá sé nó sí as láthair chun críocha seirbhísí míochaine (e.g. Dochtúra/Fiaclóra) a fháil a fhad is nárbh fhéidir coinní mar seo a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó laethanta oibre.

1.4 Is é is rún do dheonú Saoire Breoiteachta do CRS atá tinn ná deis imleor a thabhairt don CRS sin téarnamh ón tinneas agus a éifeachtaí ionas go bhféadfaidh sé/sí filleadh go luath chun dualgais gan dóchúlacht a bheith ann go mbeidh siad tinn arís. Ba chóir do CRS comhoibriú go hiomlán le gach beart athshlánúcháin le gur féidir filleadh ar an obair go luath.

1.5 Ríomhtar tréimhsí Saoire Breoiteachta go cúlghabhálach agus áiríonn siad deirí seachtaine, dúnadh scoile agus laethanta nach bhfuil leagtha amach i gclár ama do CRS a bheith i láthair (e.g. postroinnteoirí), a tharlaíonn laistigh den tréimhse neamhláithreachta.

1.6 Bheadh sé i gcoinne rún d'aon turas na Scéime um Shaoire Bhreoiteachta a bheith páirteach in aon ghníomhaíocht (e.g. taisteal thar sáile, fostaíocht bhrabúsach nó féinfhostaíocht), arbh fhéidir a mheas, i dtuairim an SSC, go gcuireann sé bac ar dhul chun cinn an CRS chun téarnaimh. Mar sin caithfear ceadú an fhostaitheora a fháil sula mbeidh an CRS páirteach in aon ghníomhaíocht mar sin. Ní mór don fhostóir comhairle an SSC a lorg roimh chinneadh a dhéanamh ar an gceist.

1.7 Tiocfaidh teidlíocht ar fhorálacha na Scéime Saoire Breoiteachta ar dhul in éag an chonartha agus gan an conradh sin a bheith athbhreithnithe.

## 2. Straitéis um Shláinte Cheirde

2.1 Tá Straitéis um Shláinte Cheirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do CRSanna. Is é is aidhm don straitéis seo sláinte CRSanna a chur chun cinn san áit oibre, ag díriú go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Is é atá sa Straitéis Sláinte Ceirde An Clár um Chúnamh & Folláine Fostaithe (CCFF) agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC).

2.2 Cuimsíonn CCFF comhairleoireacht faoi rún ar cheisteanna mar shláinte, caidreamh, méala, strus, coimhlint, teagmhas criticiúil agus tráma. Chomh maith le comhairleoireacht, i measc seirbhísí eile tá comhairle maidir le saol teaghlaigh, faisnéis speisialaithe agus tacaíocht do bhainisteoirí.

2.3 Is é Cabhairlíne Shaorghlao CCFF **1800 411 057** agus tá sí ar fáil 24 uaire sa lá, 365 lá sa bhliain.

2.4 Tá an SSC i bhfeidhm le comhairle maidir le sláinte cheirde a chur ar fáil d'fhostóirí maidir le hábaltacht ó thaobh sláinte CRS chun oibre. Cuimsíonn sí measúnuithe réamhfhostaithe, atreoruithe neamhláithreachtaí breoiteachta, measúnuithe ar ábaltacht de réir míochaine chun oibre agus measúnuithe le haghaidh scor drochshláinte. Tá eolas maidir le seirbhísí an SSC a rochtain ar fáil sa Lámhleabhar Nósanna Imeachta d'Fhostóirí atá le fáil ag Aguisín A.

**3. CRSanna a atreorú chuig an SSC**

3.1 Tá dualgas ag an bhfostóir faoi Alt 8 den Acht um Shábhailteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 "sábháilteacht, sláinte agus leas a (h)oibrithe a chinntiú, a fhad agus is féidir go réasúnta, ag an obair". Tá an SSC i bhfeidhm le cuidiú leis an bhfostóir an dualgas seo a chur i gcrích.

3.2 Is é an SSC, atá conraithe ag an Roinn, an t-aon soláthraí aitheanta comhairle míochaine neamhspleáiche do CRSanna agus fostóirí. Riachtanas de chuid na Scéime um Shaoire Bhreoiteachta is ea go gcloífidh gach fostóir agus CRS le measúnú míochaine an SSC. I gcás Forálacha um Thinneas Criticiúil (FTC), ba chóir d'fhostóirí féachaint ar na Treoirlínte um Dhiscréid Bhainistiúil maidir le FTC ag Aguisín B roimh chinneadh a dhéanamh ar iarratas ar FTC.

3.3 Ní mór don fhostóir mar sin an CRS a atreorú chuig an SSC, ar mhaithe le measúnú míochaine neamhspleách. Áirítear leis seo nuair:-

a) Atá CRS as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta ar feadh 4 seachtaine (28 lá) go leanúnach nó carnach i dtréimhse rollach seirbhíse 12 mhí.

b) Tá ábhair imní réasúnta ann maidir le cumas an CRS tabhairt faoina d(h)ualgais ar bhealach atá sábháilte lena n-áirítear neamhláithreachtaí arís agus arís eile mar gheall ar Shaoire Bhreoiteachta, ábhair imní maidir le feidhmiú dualgas de thoradh tosca sláinte, tosca a bhaineann le hobair a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchar díobhálach ar shláinte CRS nó fadhbanna a bhaineann le halcól/drugaí.

c) Tá iarratas déanta ag CRS ar Shaoire Bhreoiteachta shínte faoi na Forálacha um Thinneas Criticiúil.

d) Tá Cóir Réasúnta á meas.

e) Tá scor maidir le drochshláinte á mheas.

f) Tá CRS ag iarraidh go ndéanfaí neamhshuim de Shaoire Bhreoiteachta le linn tréimhse ina bhfuil scoil dúnta mar a dtagraítear dó in alt 12.4.
g) Tá sé riachtanach a dheimhniú má tá an ghníomhaíocht atá beartaithe ag an CRS a bheith páirteach inti le linn Saoire Bhreoiteachta oiriúnach dá d(h)ul chun cinn chun téarnaimh mar a dtagraítear dó in alt 1.6.
h) Tá measúnú ar ábaltacht de réir míochaine chun oibre ag teastáil, tar éis neamhláithreacht níos mó ná 2 scoilbhliain. Ní mór an CRS a dheimhniú mar ábalta de réir míochaine de filleadh ar obair tar éis neamhláithreachta mar sin.
i) Tá measúnú ar ábaltacht de réir míochaine ag teastáil e.g. má bhí an CRS ar Shaoire Bhreoiteachta díreach sular tosaíodh Saoire Cúramóra.
j) Tá Saoire Shláinte agus Shábháilteachta á meas do CRS atá ag iompar clainne mar a dtagraítear dó in Alt 10 of Chiorclán 17/2013 'Teidlíochtaí Cosanta Máithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta'.
k) Tá measúnú ar ábaltacht de réir míochaine chun oibre ag teastáil nuair atáthar ag meas aon síniú ar Shaoire Bhreoiteachta gan Phá.

3.4 Ní mór don CRS comhoibriú leis an SSC agus a bheith páirteach inti. Cé nach n-éileoidh a lán measúnuithe láithreacht, is ceist don SSC a shocrú cad iad na tosca ina bhféadfar éileamh ar CRS a bheith i láthair le haghaidh measúnú míochaine agus/nó socrú a dhéanamh le haghaidh tuairisc Dochtúir go Dochtúir a tharchur chuig an SSC (ag dochtúir freastail an CRS).

**4. Fógairt agus Taifeadadh Saoire Breoiteachta**

4.1 Ní mór d'aon CRS atá as láthair mar gheall ar thinneas fógra a thabhairt, nó socruithe cuí a dhéanamh le fógra a thabhairt, don fhostóir chomh luath agus is féidir ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Ba chóir don CRS, nuair is féidir, fad dóchúil na neamhláithreachta a chur in iúl.

4.2 Ní mór don scoil gach neamhláithreacht Saoire Breoiteachta a thaifeadadh tríd an CÉAL/an córas BOO ábhartha is cuma ar fostaíodh CRS ionadaíoch. Tá sé riachtanach gach neamhláithreacht Shaoire Breoiteachta a fhógairt don Roinn/BOO go tráthúil nó mura ndéantar féadtar go mbeidh de ró-íocaíocht tuarastail le CRS ann de thoradh air sin agus/nó go n-aistarraingeofar clúdach ionadaíoch ó scoileanna.

4.3 Ní mór d'fhostóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar phatrúin Saoire Breoiteachta.

4.4 Ba chóir don fhostóir ráiteas mionsonrach gach neamhláithreachta Saoire Breoiteachta a chur ar fáil don CRS ar iarratas agus ba chóir tuairisc amháin ar a laghad a chur ar fáil sa bhliain. Tá an fhaisnéis seo ar fáil ar an CÉAL/an córas BOO ábhartha.

## 5. Riachtanais maidir le Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe agus Dheimhnithe

### 5.1 Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe

(a) Is é an t-uaslíon laethanta Saoire Breoiteachta féindeimhnithe incheadaithe in aon tréimhse rollach 2 bhliain as a chéile de sheirbhís, ag comhaireamh siar ón neamhláithreacht Saoire Breoiteachta féindeimhnithe dheireanach, ná 7.

(b) Féadfar íocaíocht as Saoire Bhreoiteachta fhéindeimhnithe a oiriúnú nó a aistarraingt, tar éis próis chuí, i gcásanna ina bhfuil neamhláithreachtaí ann go rómhinic nó nuair is beag nach mbaintear amach nó nuair a ghlactar an t-uaslíon laethanta bliain i ndiaidh bliana.

(c) Ní bhainfidh CRS tairbhe as tréimhse Shaoire Breoiteachta féindeimhnithe díreach tar éis Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe.

### 5.2 Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe

(a) Nuair atá CRS as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta níos mó ná 2 lá as a chéile, ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil don fhostóir. Má shíneann neamhláithreacht bhreoiteachta ó Aoine go Luan san áireamh, ní mór ansin teastas dochtúra a chur ar fail.

(b) Le teastas dochtúra a bheith inghlactha, ní mór na nithe seo a leanas a bheith amhlaidh:

- é a bheith sínithe ag liachleachtóir atá cleachtaithe mar is cuí agus cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis/Comhairle Leighis na Ríochta Aontaithe/an Chomhairle Fiaclóireachta. I dtosca eisceachtúla, féadtar glacadh le teastais dochtúra ó liachleachtóirí thar saile, mar shampla má thagann tinneas ar CRS thar sáile nó má fhaigheann siad cóir leighis aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn. Caithfear comhairle an SSC a lorg i dtosca mar seo.
- tréimhse nach mó na seachtain amháin a chlúdach de ghnáth. Ach féadfar deimhniú do thréimhsí suas le mí amháin a cheadú faoi rogha an fhostóra.
- ábaltacht chun oibre nó a mhalairt a chur in iúl.

5.3 Níl sé éigeantach cineál an tinnis a chur in iúl ar theastas dochtúra.

5.4 Mura gcloítear leis an teorainn a cheadaítear do Shaoire Bhreoiteachta fhéindeimhnithe agus mura gcuirtear isteach teastas dochtúra inghlactha chuig an bhfostóir i gcás Saoire Breoiteachta dheimhnithe, beidh de thoradh air sin go gcuirfidh an fostóir in iúl don CRS go ndéanfar a neamhláithreacht a thuairisciú don Phámháistir mar thréimhse Shaoire Neamhcheadaithe (gan phá). Féadfaidh an fostóir ansin plé le neamhláithreachtaí arís agus arís eile faoi na nósanna imeachta comhaontaithe um smacht.

5.5 Ní mór d'fhostóirí rúndacht gach faisnéise a bhaineann le taifid Saoire Breoiteachta CRSanna faoi leith a chosaint agus baineann sé seo go háirithe le teastais dochtúra.

## 6. Gnáthfhorálacha Tinnis

6.1 Féadfar Saoire Bhreoiteachta a dheonú ar CRS atá as láthair ó dhualgas mar gheall ar thinneas pearsanta:

- Nach mó ná 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán i mbliain
- Le 3 mhí (91 lá) ar a mhéad ar leathphá ina dhiaidh sin
- Faoi réir uasmhéid 6 mhí (183 lá) de Shaoire Bhreoiteachta le pá i dtréimhse rollach 4 bliana.

## 7. Forálacha um Thinneas Criticiúil (FTC)

7.1 Féadfar FTC a dheonú ar CRS a dtagann éagumas air/uirthi de thoradh ar thinneas criticiúil nó gortú fisiciúil tromchúiseach agus a bhfuil fianaise thacúil leis aige/aici má dhéanann sé/sí iarratas, i dtosca eisceachtúil mar a ndéantar foráil dóibh sa Mholadh ón gCúirt Oibreachais (MCO 20667). Beidh na teorainneacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Uasmhéid 6 mhí (183 lá) ar phá iomlán i mbliain
- Le 6 mhí (182 lá) ar a mhéad ar leath pá ina dhiaidh sin
- Faoi réir uasmhéid 12 mhí (365 lá) de Shaoire Bhreoiteachta le pá i dtréimhse rollach 4 bliana.

7.2 Is cinneadh a dhéanann an fostaí é FTC a dheonú tar éis comhairle leighis SSC a mheas.

7.3 Tugann Treoirlínte um Dhiscréid Bhainistiúil maidir le FTC atá ag Aguisín B cúnamh le fostóirí a threorú trí phrótacal FTC agus an próiseas cinnteoireachta.

7.4 Ba chóir iarrachtaí cuí a dhéanamh cóiríocht a dhéanamh do CRS ag céim luath de neamhláithreacht Saoire Breoiteachta lena f(h)illeadh chun oibre a éascú. Féach Cóir Réasúnta.

7.5 Tabharfaidh an SSC comhairle don fhostóir maidir le cé acu, ina dtuairim, atá nó nach bhfuil na critéir leighis seo a leanas á gcomhlíonadh ag an CRS le go measfar é nó í a bheith incháilithe le haghaidh FTC:

1) Tá an CRS neamhábalta de réir míochaine filleadh ar a d(h)ualgais reatha nó, nuair is féidir, dualgais oiriúnaithe sa ghrád pá céanna.

2) Tá **ar a laghad ceann amháin** de na gnéithe seo a leanas ag an riocht míochaine seo:

(a) Tinneas fisiciúil dian atá bagrach don bheatha.

(b) Tinneas ainsealach forchéimnitheach, a bhfuil féidearthacht sheanchruthaithe leis go ngiorróidh sé ionchas saoil. Tagraíonn sé seo don riocht agus ní don duine aonair. Ní mór dó a bheith seanchruthaithe sa litríocht mhíochaine phiarmheasúnaithe go bhfuil de thoradh ar an riocht míochaine laghdú san ionchas saoil.

(c) Tráma mór fisiciúil a éilíonn de ghnáth cóir máinlíochta obráide dhian cheartaitheach.

(d) Cúram cónaitheach nó ospidéil 10 lá as a chéile nó níos mó. I gcás tinneas a bhaineann le hiompar clainne, laghdaítear seo go 2 lá as a chéile nó níos mó de chúram cónaitheach ospidéil/clinice.

7.6 Má tá gnáth-thinneas ag CRS (tinneas nach meastar a bheith ina thinneas criticiúil nó ina ghortú fisiciúil tromchúiseach) laistigh de thréimhse 12 mhí ón dáta a filleadh ar obair tar éis an tinnis chriticiúil, beidh an FTC i bhfeidhm.

7.7 Ní bheidh aon chaillteanas airgeadais ann do CRS i dtosca in raibh sé/sí páirteach go hiomlán leis an bpróiseas maidir le bainistiú Saoire Breoiteachta agus nuair a dheimhnigh a lia comhairleach féin ábaltacht chun filleadh ar obair tar éis tinneas criticiúil, ach nuair nach raibh an CRS in ann filleadh ar an obair as siocair go raibh moill ar an bhfostóir á t(h)archur go dtí an SSC, nó moill ar an SSC é nó í a fheiceáil. I dtosca mar seo, tabharfar ar ais pá agus déanfaidh an pámháistir an taifead saoire a thaifeadadh go cuí.

## 8. Íocaíocht Shealadach Athshlánaithe (ÍSA)

8.1 Nuair atá an tréimhse ábhartha Saoire Breoiteachta le pá in éag CRS:

- Atá ina bhall de scéim pinsin cheana féin, le 5 bliana seirbhíse ar a laghad (i bpost inphinsin i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha) ag deireadh na tréimhse Saoire Breoiteachta, féadtar ÍSA a dheonú dó/di faoi réir coinníollacha áirithe.

- Atá ina bhall de Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair cheana agus a bhfuil 2 bliana seirbhíse ar a laghad aige/aici (i bpost inphinsin i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha) ag deireadh na tréimhse Saoire Breoiteachta, féadtar ÍSA a dheonú dó/di faoi réir coinníollacha áirithe.

Ríomhfar ÍSA:

I gcás ball de scéim pinsin cheana bunaithe ar:

- Pá inphinsin, agus

- Seirbhís le pá inphinsin fabhraithe san fhostaíocht ag an am a ídíodh an tSaoire Bhreoiteachta, i dteannta leis na blianta breisithe a bhronnfaí dá ndeonfaí scor drochshláinte.

I gcás ball de Scéim Pinsean na Seirbhíse Poiblí Aonair bunaithe ar:

- Méideanna atreoraithe fabhraithe de réir fhorálacha na Scéime Pinsean Aonair ag an am a ídíodh Saoire Bhreoiteachta le pá
  agus
- Feabhsú sochar mar a ndéantar foráil dó i rialacháin.

8.2 Níor chóir glacadh leis an méid ÍSA a íoctar mar léiriú cruinn ar an méid a fhéadfaidh an ball a fháil ar scor mar féadfaidh na tosca a bheith difriúil.

8.3 Beidh deonú ÍSA coinníollach i gcónaí ar an SSC ag dearbhú go bhfuil ionchas réasúnta go mbeidh téarnamh ann agus go bhfillfear ar an obair. Cuirfidh an SSC ag céim atreoraithe 28 lán cé acu atá nó nach bhfuil ionchas réasúnta ann go mbeidh téarnamh ag an CRS agus go bhfillfidh siad ar an obair. Nuair a chuireann an SSC in iúl gurb é a dtuairim nach bhfuil ionchas ar bith ann go mbeidh téarnamh ann agus nach bhfillfear ar obair, ba chóir don fhostóir cibé gníomh tráthúil a mheasann siad a bheith cuí, lena n-áirítear ach ní teoranta d'fhoirceannadh fostaíochta, nuair is cuí agus ní mór a chur in iúl don Phámháistir. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go bhfeidhmíonn siad de réir na reachtaíochta fostaíochta ábhartha.

8.4 Ní bheidh ÍSA níos faide ná 18 mí(548 lá) i gcás gnáth-thinnis.

8.5 I gcás CRS dá bhfuil pá breoiteachta deonaithe faoi FTC, féadfaidh sé/sí rochtain a bheith aige/aici ar 12 mhí (365 lá) de ÍSA le tréimhse eile ina dhiaidh sin de ÍSA gan a bheith níos faide ná 24 mhí (730 lá). Tá an tréimhse bhreise ÍSA seo faoi réir 6 athbhreithniú mhíosúla ag an SSC.

8.6 Ní tréimhse sheirbhíse inphinsin an tréimhse ina n-íoctar ÍSA.

## 9. Saoire Bhreoiteachta Gan Phá

9.1 Ní mór do CRS atá deimhnithe a bheith neamhábalta de réir míochaine ag an SSC chun filleadh ar dhualgas tar éis gach teidlíocht Shaoire Breoiteachta a bheith ídithe, ní mór dó/di a chur in iúl dá f(h)ostóir más rún dó/di tairbhe a bhaint as tréimhse Shaoire Breoiteachta agus a bpost a choinneáil sa scoil/Scéim BOO le linn na tréimhse seo.

9.2 Dóibh siúd nach bhfuil cáilithe le haghaidh ÍSA, ní bheidh an tréimhse Shaoire Breoiteachta gan phá níos faide de ghnáth ná na teorainneacha ÍSA mar a leagtar amach san alt ar 'Íocaíocht Shealadach Athshlánaithe (ÍSA)'. Agus measúnú á

dhéanamh ar aon síniú ar na teidlíochtaí Saoire Breoiteachta Gan Phá, ní mór d'fhostóirí comhairle SSC a lorg ar ionchas an CRS téarnamh agus filleadh ar obair.

9.3 Beidh deonú Saoire Breoiteachta gan phá coinníollach i gcónaí ar an SSC ag dearbhú go bhfuil ionchas réasúnta go mbeidh téarnamh ann agus go bhfillfear ar an obair agus go bhfuil deimhniú dochtúra á chur isteach go leanúnach go rialta (3 mhí ar an méad) chuig an bhfostóir.. Féadfaidh CRS ar Shaoire Bhreoiteachta gan phá filleadh ar obair nuair atá sé/sí deimhnithe a bheith ábalta de réir míochaine ag an SSC.

9.4 Nuair até sé deimhnithe ag an SSC nach bhfuil an CRS ábalta filleadh ar dhualgas tar éis Saoire Bhreoiteachta gan phá, féadfaidh an fostóir cibé gníomh tráthúil a mheasann siad a bheith cuí, lena n-áirítear ach ní teoranta d'fhoirceannadh fostaíochta, nuair is cuí. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go bhfeidhmíonn siad de réir na reachtaíochta fostaíochta ábhartha.

**10. Forálacha maidir le Tinneas a bhaineann le hIompar Clainne**

10.1 Nuair atá CRS neamhábalta de réir míochaine don obair mar gheall ar thinneas a bhaineann le hiompar clainne ní bhfaighidh sí níos lú ná leath pá ar feadh fhad a Saoire Breoiteachta Thoirchis (SBT), sula dtosóidh Saoire Mháithreachais. Tá seo amhlaidh is cuma an bhfuil an uasteorainn bainte amach aici le haghaidh leathphá mar gheall ar Shaoire Bhreoiteachta roimhe sin.

10.2 Déanann na Rialacháin um Shaoire Bhreoiteachta foráil do shocruithe leanúnacha trína gcuirfear SBT a glacadh sna 4 bliana roimhe sin ar ais de shochar ag leath pá, faoi réir na dteorainneacha iomlána ar Shaoire Bhreoiteachta nach mbaineann le toircheas.

10.3 Ní mór d'fhostóirí, nuair a fhaigheann siad teastas dochtúra ag rá go bhfuil an tinneas bainteach le toircheas, ní mór dóibh an tinneas a thaifeadadh mar "tinneas a bhaineann le toircheas" ar an CÉAL/an córas BOO ábhartha. Ní bhaineann an socrú seo ach le tinneas a tharlaíonn le linn toirchis agus sula dtosaíonn Saoire Mháithreachais.

10.4 Léiríonn na cásanna a leagtar amach ag <u>Aguisín C</u> den Chiorclán seo conas a fheidhmíonn na socruithe.

**11. Aisamharc Déach**

11.1 Ríomhfar ráta pá Saoire Breoiteachta CRS bunaithe ar an gcóras aisamhairc dhéach seo a leanas:

<u>Gnáth-thinneas</u>

- Céim 1: A chinntiú an bhfuil rochtain ag an CRS ar Shaoire Bhreoiteachta le pá

Athbhreithnítear Saoire Bhreoiteachta an CRS thar an tréimhse 4 bliana roimh dháta na neamhláithreachta reatha. Mura bhfuil 6 mhí (183 lá) de Shaoire Bhreoiteachta le pá ídithe thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar Shaoire Bhreoiteachta le pá a dheonú.

- Céim 2: A dhearbhú an bhfuil pá iomlán, leath pá nó ÍSA i gceist

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an CRS ar Shaoire Bhreoiteachta le pá, athbhreithnítear a t(h)aifead Saoire Breoiteachta ansin thar an tréimhse 12 mhí roimh dháta na neamhláithreachta reatha lena dheimhniú cad é an ráta ag a bhféadfar Saoire Bhreoiteachta a íoc. Mura bhfuil a gcéad teorainn 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán ídithe ag CRS, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí go mbainfear amach an teorainn, 3 mhí (92 lá). Ina dhiaidh sin, ríomhfar an méid a íocfar bunaithe ar leath pá nó ÍSA, de réir mar is cuí.

<u>Tinneas Criticiúil</u>

- Céim 1: A chinntiú an bhfuil rochtain ag an CRS ar Shaoire Bhreoiteachta le pá

Athbhreithnítear Saoire Bhreoiteachta an CRS thar an tréimhse 4 bliana roimh dháta na neamhláithreachta reatha. Mura bhfuil 12 mhí (365 lá) de Shaoire Bhreoiteachta le pá ídithe thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar Shaoire Bhreoiteachta le pá a dheonú.

- Céim 2: A dhearbhú an bhfuil pá iomlán, leath pá nó ÍSA i gceist

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an CRS ar Shaoire Bhreoiteachta le pá, athbhreithnítear a t(h)aifead Saoire Breoiteachta ansin thar an tréimhse 12 mhí roimh dháta na neamhláithreachta reatha lena dheimhniú cad é an ráta ag a bhféadfar Saoire Bhreoiteachta a íoc. Mura bhfuil a c(h)éad teorainn 6 mhí (183 lá) ar phá iomlán ídithe ag an CRS, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí go mbainfear amach an teorainn, 6 mhí (183 lá). Ina dhiaidh sin, ríomhfar an méid a íocfar bunaithe ar leath pá nó ÍSA, de réir mar is cuí.

11.2 Léiríonn na cásanna a leagtar amach ag Aguisín D den Chiorclán seo conas a fheidhmíonn na socruithe aisamhairc dhéach.

## 12. Cóir Réasúnta

12.1 Éilíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí céimeanna réasúnta a ghlacadh le cóir a dhéanamh i gcomhair riachtanais fostaithe agus fostaithe ionchasacha a bhfuil míchumais acu. Is é atá i gceist de ghnáth le cóir

réasúnta oiriúnú éigin ar thascanna/struchtúr poist nó timpeallachta áite oibre, a chuirfeadh ar chumas fostaí mar sin a ról oibre a chur i gcrích go hiomlán agus le go mbeidh comhdheiseanna fostaíochta acu. Déanfaidh fostóir oiriúintí réasúnta do CRSanna a bhfuil míchumas acu, nó a bhfuil míchumas faighte acu, le go mbeidh cóir réasúnta déanta lena bhfilleadh ar obair a éascú. Ach níl oibleagáid ar fhostóirí cóireáil speisialta ná áiseanna a chur ar fáil má tá an costas a bhaineann lena leithéid a dhéanamh iomarcach nó díréireach. Ba chóir don fhostóir fiosrú a dhéanamh i gcomhar leis an CRS agus an SSC maidir le haon roghanna cuí cumasaithe, mar shampla (níl na samplaí seo uileghabhálach):

- Oiriúintí réasúnta a dhéanamh d'fhoirgneamh na scoile agus/nó spás oibre
- Trealamh ábhartha a fháil nó trealamh atá ann cheana a oiriúnú
- Postroinnt – faoi réir fhorálacha na Scéime um Postroinnt

## 13. Filleadh ar Obair

13.1 Ba chóir do CRS a bheith ábalta de réir míochaine filleadh ar dhualgais iomlána tar éis tréimhse Saoire Breoiteachta.

13.2 Ní mór do CRS a bhfuil rún aige/aici filleadh ar dhualgas roimh an dáta sonraithe ar a t(h)eastas dochtúra, ní mór dó/di teastas ábaltachta óna d(h)ochtúir freastail roimh an dáta fillte. In éagmais a leithéid de theastas, áireofar an tréimhse iomlán ar an teastas nó na teastais dochtúra mar Shaoire Bhreoiteachta. Ní ghlacfar le teastais ábaltachta a chuirfear ar fáil ar dháta níos déanaí mar fhianaise ar ábaltacht don dualgas.

13.3 Caithfear dearbhú ar ábaltacht a bheith faighte ag an bhfostóir ón SSC sula bhfillfear ar dhualgais, i gcás CRS atá (i) as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta le pá ar feadh 4 nó níos mó seachtaine as a chéile (nó tréimhse níos giorra nuair atá foras réasúnta ag an bhfostóir le hábhar imní), nó (ii) as láthair ar feadh tréimhse ar bith de ÍSA/Saoire Bhreoiteachta gan phá.

13.4 Nuair atá CRS as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta agus níor tháinig siad ar ais ar dhualgas ar feadh tréimhse réasúnta roimh agus tar éis tréimhse a bhfuil scoil dúnta, measfar an CRS a bheith ar Shaoire Bhreoiteachta ar feadh na tréimhse go léir ach amháin;

- go gcuireann an CRS ar fáil teastas dochtúra ag deimhniú ábaltacht le filleadh ar dhualgais iomlána roimh nó le linn tréimhse a bhfuil scoil dúnta agus
- tá comhairle an SSC maidir le hábaltacht an CRS le haghaidh dualgais iomlána faighte agus an féidir neamhaird a dhéanamh ar an tréimhse a bhfuil an scoil dúnta nó aon chuid di agus
- mheas an SSC an tréimhse le filleadh ar dhualgas a bheith réasúnta ag cur san áireamh na tosca míochaine i gcásanna ar leith.

**14. Coigeartú Tuarastail**

14.1 I gcásanna ina bhfuil, roimh fhilleadh ar dhualgais, teidlíocht ar thuarastal incriminteach ídithe, ní thabharfar tuarastal ar ais ach ón dáta a mheasann an SSC go bhfuil an CRS ábalta filleadh ar dhualgais iomlána. Tá seo coinníollach ar an CRS a bheith ag filleadh go fíor ar dhualgais ar an gcéad lá is féidir tar éis deimhniú an SSC.

14.2 Is cóir aon ghníomh a éilíonn coigeartú ar thuarastal CRS a chur in iúl don Phámháistir láithreach.

**15. Ró-Íocaíochtaí a Bhaineann le Saoire Bhreoiteachta**

15.1 Nuair a tharlaíonn ró-íocaíochta tuarastail, aisghabhfar an ró-íocaíocht ina iomláine ó íocaíocht CRS amach anseo de réir 84/2015 "Polasaí agus Nósanna Imeachta maidir le déileáil le haisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail nó pinsin" nó i gcás CRSanna fostaithe in BOOanna,Ciorclán 32/2016 "Polasaí agus Nósanna Imeachta maidir le déileáil le ró-íocaíochtaí tuarastail a aisghabháil", tar éis sin a chur in iúl don Phámháistir.

**16. Stádas le linn Saoire Bhreoiteachta**

16.1 Tá neamhláithreachtaí ar Shaoire Bhreoiteachta le pá (iomlán nó leath pá) inríofa le haghaidh gach cuspóra lena n-áirítear sinsearacht, deimhniú ceart painéil (de réir foilseacháin ábhartha Roinne) agus aoisliúntas. Níl neamhláithreachtaí ar ÍSA inríofa chun críocha aoisliúntais agus incriminte.

**17. CRS Ionaid**

17.1 Tá ceapachán CRS ionaid faoi réir na dtéarmaí a leagtar amach sna foilseacháin ábhartha Roinne. Ní mór ceapachán CRS ionadaíoch a bheith taifeadta ag an bhfostóir tríd an CÉAL/an córas BOO ábhartha.

**18. Socruithe ÁSPC**

18.1 Nuair is é an Roinn an Pámháistir, i gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, ní mór na Teastais Leasa Shóisialaigh IB1 agus Med1 a bheith curtha isteach ag an CRS chuig an RGFCS má tá tinneas níos faide ná 6 lá as a céile. Tá sé seo ag teastáil le haghaidh géilliúntas le rialacháin ÁSPC. Nóta Faisnéise Nuair is é an BOO an Pámháistir, ba chóir don CRS cloí le polasaí an BOO maidir le Sochar Tinnis a éileamh.

**19. Scor Drochshláinte**

19.1 Féadtar go mbeidh CRS a mheastar a bheith neamhábalta leanúint ar aghaidh le dualgais ar bhonn buan a bheith i dteideal sochair phinsin áirithe faoina scéim pinsin ábhartha.

19.2 Is féidir eolas ar an bpróiseas a rochtain ar [shuíomh gréasáin na Roinne] nó i gcás CRSanna ó BOOanna, óna mBOO.

**20. Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Poiblí**

20.1 Tá teidlíocht ar Shaoire Bhliantúil Reachtúil agus Laethanta Saoire Poiblí á rialú ag an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú). De ghnáth, tá fostaithe lánaimseartha i dteideal ar a laghad 20 lá de Shaoire Bhliantúil i ngach bliain saoire.

20.2 Tá fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta iomlána i dteideal Saoire Bhliantúil ar bhonn pro rata.

20.3 Tabharfar faoi aon teidlíochtaí maidir le Laethanta Saoire Poiblí a tharlaíonn nuair atáthar as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta le Saoire Bhliantúil bhreise.

20.4 Níor chóir na teidlíochtaí seo ar Shaoire Phoiblí a ghlacadh ar laethanta dúnta scoile atá ann cheana a tharlaíonn le linn na bliana saoire ábhartha i.e. agus atá lasmuigh den tréimhse Shaoire Bhreoiteachta.

20.5 Nuair nach bhfuil go leor laethanta dúnta scoile sa bhliain saoire le glacadh leis na teidlíochtaí go léir ar Shaoire Bhliantúil, tá sé ceadaithe na laethanta riachtanacha a ghlacadh díreach tar éis Saoire Bhreoiteachta. De rogha air sin, tá cead ag CRSanna an iarmhéid a iompar ar aghaidh go dtí an bhliain ina dhiaidh sin ach caithfidh siad ansin an tsaoire seo a ghlacadh le linn dúnadh scoile.

20.6 Féadfaidh CRS a éiríonn as nó a théann ar scor nó a stadann a f(h)ostaíocht, féadfaidh sé/sí a bheith i dteideal íocaíocht bhreise in ionad a Saoire Bhliantúil fhabhraithe.

20.7 De réir Alt 19 den Acht um Eagrú Ama Oibre arna leasú ag Alt 86(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, tá a leanas i bhfeidhm:

(a) Leanann teidlíocht ar Shaoire Bhliantúil Reachtúil ar aghaidh ag fabhrú le linn tréimhse dheimhnithe Shaoire Breoiteachta.

(b) Ní mór úsáid a bhaint as Saoire Bhliantúil Reachtúil a fabhraíodh mar seo le linn tréimhse dheimhnithe Shaoire Breoiteachta laistigh de 15 mhí ó dheireadh na Saoire Bliantúla dár fabhraíodh an tsaoire.

(c) De réir Alt 20.3, ní mór Saoire Bhliantúil a fabhraíodh mar seo a ghlacadh le linn dúnadh scoile atá ann cheana, nuair atá sin ar fáil.

(d) Féadtar go mbeidh CRS nach bhfuil in ann glacadh lena S(h)aoire Bhliantúil ag an am cuí mar gheall ar Shaoire Bhliantúil, nuair nach bhfuil go leor dúnadh scoile ar fáil le glacadh leis an tsaoire seo agus má fhoirceannann sé/sí a f(h)ostaíocht nó má bhaineann sé/sí amach deireadh conartha/scor laistigh de 15 mhí den

bhliain saoire ábhartha, féadtar go mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht in ionad na saoire seo, a fhad is nach mbogann sé/sí go díreach chuig post eile atá á mhaoiniú ag an Oireachtas sa Stát seo.

(e) Tá samplaí d'fhabhrú saoire Bliantúla faoi iamh ag Aguisín E.

## 21 Seoladh Comhfhreagrais

21.1 Cuirfidh an fostóir seoladh ar agus seolfaidh siad gach comhfhreagras chuig an CRS ag an seoladh ríomhphoist/baile pearsanta is deireanaí a cuireadh in iúl. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir má tharlaíonn sé nach bhfaigheann an CRS comhfhreagras mar seo.

## 22. Comhlíontacht

22.1 Pléifear le teip cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta faoi na nósanna imeachta smachta comhaontaithe agus féadtar go mbeidh dá bharr sin stop ar thuarastal i gcás CRSanna agus/nó aistarraingt clúdach ionadaíochta do scoileanna.

## 23. Coimeád Cáipéisí

23.1 Ní mór don fhostóir gach cáipéis a bhaineann le neamhláithreacht CRS a choimeád, leis na taifid phearsanra ábhartha ar bhealach sábháilte agus slán agus de réir pholasaí cosanta sonraí an fhostóra agus rialacháin chosanta sonraí. Féadtar na taifid seo a roghnú le haghaidh cigireachta ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Lámhleabhar Nósanna Imeachta Fostóirí

## Seirbhís Sláinte Ceirde do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

## Deireadh Fómhair 2019

ÁBHAR

Cuspóir an Lámhleabhair Nósanna Imeachta Fostóirí……………………………………3
Sainmhínithe……………………………………………………………………………………..4
**Caibidil 1 – Straitéis Sláinte Ceirde…………………………………………………………..5**
1. Straitéis Sláinte Ceirde……………………………………………………………………5
**Caibidil 2 – Measúnuithe Leighis…………………………………………………………………6**
1. Measúnuithe Leighis Réamhfhostaíochta…………………………………………………6
2. Measúnuithe Leighis Fostaíochta…………………………………………………………8
**Caibidil 3 – Forálacha um Thinneas Criticiúil (FTC)…………………………………………………..9**
1. Intreoir………………………………………………………………………………………9
2. Prótacal FTC………………………………………………………………………………9
3. Achomharc FTC…………………………………………………………………………12
Aguisín 1 (Caibidil 3): Critéir Leighis le FTC a Dheonú……………………………………13
**Caibidil 4 – Scor Drochshláinte………………………………………………………………..14**
1. Scor drochshláinte……………………………………………………………………..14
2. Achomharc Scoir Drochshláinte…………………………………………………………15

(Is cóir a léamh i gcomhar le Scéim um Shaoire Bhreoiteachta agus Sainmhínithe)

## CUSPÓIR AN LÁMHLEABHAIR NÓSANNA IMEACHTA FOSTÓIRÍ

1. Tugann an Lámhleabhar Nósanna Imeachta Fostóirí eolas d'fhostóirí maidir le rochtain ar an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

2. Tá d'aidhm ag an Treoirleabhar cuidiú le fostóirí tuiscint conas is féidir le comhairle ar shláinte cheirde tacú lena bhfeidhmeanna bainistíochta, na nósanna imeachta le leanúint agus conas is féidir leo comhairle leighis a fháil a chomhlíonann a riachtanais agus riachtanais a CRSanna.

3. Tá teidlíochtaí Saoire Breoiteachta á rialú ag:-
    a. Na Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014[1] (na "Rialacháin") *agus*
    b. An Scéim ábhartha um Shaoire Bhreoiteachta do CRSanna mar a shonraítear i bhfoilseacháin na Roinne.

[1] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/124/made/en/print

## SAINMHÍNITHE

Don Lámhleabhar Nósanna Imeachta Fostóirí seo beidh an chiall a thugtar dóibh anseo ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl.

**Lia Comhairleach** – ciallaíonn sé seo Dochtúir leighis atá ar an gclár speisialtóirí ábhartha, agus ag a bhfuil ceapachán lia chomhairligh FSS/Ospidéil Dheonaigh/ospidéil NHS nó ag a bhfuil cearta iontrála go hospidéal príobháideach aitheanta.

**Prótacal um Thinneas Criticiúil** – ciallaíonn sé seo an Prótacal um Thinneas Criticiúil faoin Scéim um Shaoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí a d'fhorbair agus a chomhaontaigh Moltaí den Chúirt Oibreachais (MCO 20667) go bhfuil socruithe speisialta le cur i bhfeidhm faoina bhféadfaidh CRSanna a bhfuil tinnis chriticiúla acu a bheith in ann tairbhe a bhaint as Saoire Bhreoiteachta shínte.

**Forálacha um Thinneas Criticiúil (FTC)** – Ciallaíonn sé seo Saoire Bhreoiteachta shínte is féidir a dheonú faoin bPrótacal um Thinneas Criticiúil.

**Cúram Cliniciúil Reatha nó le deireanas** – ciallaíonn sé seo go bhfuil imscrúduithe agus cóir leighis faighte ag an CRS, faoi chúram/maoirseacht dhíreach Lia Chomhairligh Ospidéil de ghnáth. D'fhéadfadh siad a bheith ina n-othar cónaitheach nó seachtrach. Ní áirítear atreoruithe atá, i dtuairim an Lia Sláinte Ceirde, go príomha le haghaidh tuairisc a ullmhú nó ar chúiseanna dlí-liachta.

**Lia Sláinte Ceirde (LSC)** – ciallaíonn sé seo Dochtúir leighis atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis ag a bhfuil cáilíocht iarchéime sa Leigheas Ceirde/Sláinte Cheirde, nó atá ar scéime sainoiliúna sa Leigheas Ceirde le taithí i gcleachtas an leighis ceirde.

## Caibidil 1 – Straitéis Sláinte Ceirde

Tá Straitéis um Shláinte Cheirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do CRSanna, chun a sláinte a chur chun cinn san áit oibre, ag díriú go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Is é atá sa Straitéis Sláinte Ceirde An Clár um Chúnamh & Folláine Fostaithe (CCFF) agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC).

### Seirbhís Sláinte Ceirde

1.1 Tá dualgas ag fostóirí faoi Alt 8 den Acht um Shábhailteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 "sábháilteacht, sláinte agus leas a (h)oibrithe a chinntiú, a fhad agus is féidir go réasúnta, ag an obair". Éilíonn na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí céimeanna réasúnta a ghlacadh le cóir a dhéanamh i gcomhair riachtanais fostaithe agus fostaithe ionchasacha a bhfuil míchumais acu.

1.2 Chun na freagrachtaí bainistíochta reachtúla seo a chur i gcrích go héifeachtach agus go héifeachtúil, tá sé ríthábhachtach rochtain a bheith ag fostóirí ar chomhairle ghairmiúil sláinte ceirde maidir le hábaltacht de réir míochaine chun oibre. Tá an SSC i bhfeidhm le cuidiú leis an bhfostóir an dualgas seo a chur i gcrích.

1.3 Cuireann Lianna Ceirde an SSC peirspictíocht, léargas agus tacair scileanna uathúil ar fáil a ligeann dóibh measúnú cuí agus tuairim eolach a chur ar fáil maidir le hábaltacht CRS chun oibre, seachas tuairim ar chineál agus ar dhéine a dtinnis.

1.4 Tugann an SSC seirbhísí lena n-áirítear measúnuithe réamhfhostaíochta, measúnuithe míochaine ar ábaltacht chun oibre, bainistíocht ar neamhláithreacht bhreoiteacht agus measúnuithe scoir drochshláinte.

1.5 Nuair atá difear maidir le tuairim leighis idir an SSC agus an Dochtúir/Lia Comhairleach atá ag tabhairt cóir leighis i leith ábaltacht CRS chun oibre, rachaidh an SSC i gcomhairle leis an Dochtúir/Lia Comhairleach atá ag tabhairt cóir leighis sula dtabharfaidh siad comhairle dheireanach don fhostóir. Má tá gá ar leith le measúnú leighis neamhspleách, is féidir seo a éascú tríd an SSC.

1.6 Beidh Lianna Sláinte Ceirde SSC agus na hAltraí Sláinte Ceirde faoi cheangal riachtanas gairmiúil rúndacht a choinneáil, rud atá ríthábhachtach chun iontaoibh agus muinín an CRS a choinneáil. Ní chuireann sé seo isteach ar chaighdeán na comhairle leighis a thugtar d'fhostóirí arb é is cúram dóibh ábaltacht de réir míochaine an CRS agus ní an diagnóis féin.

1.7 Is é soláthraí reatha na seirbhíse Medmark Occupational Healthcare Ltd.

**Sonraí Teagmhála**
Medmark Occupational Healthcare Ltd
28 Cé Penrose
Corcaigh, T23FT96
Cabhairlíne ghutháin thiomnaithe: 1890 235 711
(oscailte ó Luan go hAoine, 9:00am – 5:00pm, le seirbhís freagartha lasmuigh de ghnáthuaireanta ar fáil freisin)
Suíomh gréasáin: www.medmark4teachersna.ie or
www.education.ie agus lean an nasc a chuirtear ar fáil

# CAIBIDIL 2 – MEASÚNUITHE LEIGHIS

## 1. Measúnuithe Leighis Réamhfhostaíochta

1.1 Ní mór iarrthóir a roghnaítear le haghaidh ceapacháin a bheith deimhnithe de réir míochaine a bheith ábalta chun fostaíocht ag an SSC sula nglacfar leis an bpost. Ní mór don fhostóir a chur in iúl don iarrthóir go bhfuil an tairiscint fostaíochta faoi réir é/í 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' a dheimhníonn ábaltacht chun fostaíochta.

1.2 Tá 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' bhailí a dheimhníonn ábaltacht chun fostaíochta ag teastáil chomh maith sula bhfilleann CRS ar obair tar éis cead neamhláithreachta nó briseadh eile i seirbhís níos mó ná 2 scoilbhliain.

1.3 Eisíonn an SSC 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir míochaine chun Fostaíochta' don iarrthóir, i bhformáid leictreonach shlán, tar éis Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta. Deimhníonn an Tuairisc an bhfuil an t-iarrthóir ábalta/neamhábalta de réir míochaine chun fostaíochta. Nuair a dheimhnítear an t-iarrthóir a bheith neamhábalta chun fostaíochta de réir míochaine, eisíonn an Tuairisc don fhostóir a shonraítear san atreorú chomh maith. Tá an Tuairisc bailí ar feadh 2 bhliain féilire ó dháta an measúnaithe leighis SSC. Agus an tuairisc seo a chur i láthair fostóra, tá an t-iarrthóir ag dearbhú roimh ghlacadh leis an bpost, nach bhfuil aon athrú in a stádas sláinte fisiciúla nó meabhraí ó dháta Mheasúnú Leighis Réamhfhostaíochta an SSC.

1.4 Tá rogha ag an bhfostóir 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' uasdátaithe fiú mura bhfuil an Tuairisc reatha in éag.

1.5 Tá sé riachtanach ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta a chomhlánú mar chuid den Mheasúnú Leighis Réamhfhostaíochta má tá iarrthóir:

(i) ag glacadh le fostaíocht den chéad uair mar CRS ***nó***

(ii) dírithe ag an bhfostóir sin a dhéanamh ***nó***

(iii) ag iarraidh 'Tuairisc ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' athbhreithnithe a fháil e.g. mura bhfuil stádas sláinte athraithe.

1.6 Cuirfidh an Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta ar a gcumas don SSC:

a) ábaltacht de réir míochaine an iarrthóra dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh go sábháilte ar chaighdeán leanúnach agus ag cinntiú ag an am céanna go gcomhlíontar reachtaíocht reatha maidir le Comhionannas Fostaíochta.

b) scagadh le haghaidh riochtaí leighis/míchumais bhunúsacha chun ligean d'fhostóirí a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoi reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteachta.

c) bunús le taifead sláinte ceirde a fhoirmiú le bheith ag an SSC. Is féidir tagairt don taifead seo má atreoraítear an t-iarrthóir don SCC ag dáta amach anseo.

## 2. Prótacal maidir le Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta

2.1 Ní mór an prótacal a shonraítear thíos a leanúint le haghaidh Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta:

a) Treoraíonn an fostóir don iarrthóir logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie chun an ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta ar líne a chomhlánú.

b) Má tá ceisteanna faoi leith ag an iarrthóir maidir le comhlánú an cheistneora is féidir a chomhairliú dóibh a gceist a chur chuig info@medmark4teachersna.ie, nó glao a chur ar an líne ghutháin chomhairleach thiomnaithe.

c) Nuair a bheidh an Ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta comhlánaithe agus curtha isteach ar líne, aithníonn leathanach gréasáin an SSC go bhfuarthas an fhoirm go rathúil.

d) Mura bhfuil rochtain idirlín ag an iarrthóir, is féidir cóip fhisiciúil den cheistneoir Leighis Réamhfhostaíochta a lorg ón SSC. Nuair a bheidh sé comhlánaithe, ní mór an ceistneoir a chur ar ais trí phost cláraithe chuig an seoladh a chuirtear ar fáil san fhoirm.

e) Athbhreithníonn an SSC an ceistneoir Leighis Réamhfhostaíochta comhlánaithe. Spreagann seo ceann amháin de na gníomhartha seo a leanas:

   i. Eisítear 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir míochaine chun Fostaíochta' don iarrthóir, á d(h)eimhniú ábalta/neamhábaltacht chun fostaíochta. Má deimhnítear an t-iarrthóir a bheith neamhábalta chun fostaíochta de réir míochaine, eisíonn an Tuairisc don fhostóir a shonraítear san atreorú chomh maith **nó**

   ii. Déanann an SCC teagmháil leis an iarrthóir chun faisnéis leighis nochta a shoiléiriú. Nuair atá soiléiriú leighis faighte, eisítear 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' don iarrthóir (agus don fhostóir a shonraítear san atreorú, má tá an t-iarrthóir deimhnithe a bheith neamhábalta chun fostaíochta de réir míochaine) **nó**

   iii. Iarrann an SSC ar an iarrthóir freastal ar scrúdú leighis Réamhfhostaíochta. Tá an cinneadh a iarraidh go bhfreastalóidh iarrthóir roghnach agus bunaithe ar mheasúnú an cheistneora Leighis Réamhfhostaíochta. Nuair atá an Measúnú Réamhfhostaíochta Leighis i gcrích, eisítear 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht de réir Míochaine chun Fostaíochta' don iarrthóir (agus don fhostóir a shonraítear san atreorú, má tá an t-iarrthóir deimhnithe a bheith neamhábalta chun fostaíochta de réir míochaine) **nó**

   iv. Má tá an t-iarrthóir deimhnithe a bheith ábalta de réir míochaine chun fostaíochta, déarfaidh an 'Tuairisc ar Mheasúnú ar Ábaltacht Míochaine chun Fostaíochta an bhfuil riachtanais um chóir réasúnta ann dóibh siúd a bhfuil míchumas faoi leith acu. Ba chóir d'fhostaitheoirí tagairt don alt maidir le Cóir Réasúnta sa Scéim um Shaoire Bhreoiteachta.

## 2. Measúnuithe Leighis Fostaíochta

### 2.1 Atreoruithe chuig an SSC

a) Ní mór don fhostóir CRS a atreorú chuig an SSC, ar mhaithe le measúnú míochaine neamhspleách (féach alt 3.3 den Chiorclán um Shaoire Bhreoiteachta).

### 2.2 Prótacal le haghaidh treoruithe chuig an SSC

a) An fostóir:

   i. cuireann siad seo in iúl don SSC an cinneadh é/í a atreorú chuig an SSC agus tugann siad breac-chuntas ar an gcúis nó na cúiseanna leis an gcinneadh seo.

   ii. cuireann siad in iúl don CRS go mbeidh an SSC i dteagmháil leis/léi maidir le bunús an atreoraithe trí theachtaireacht téacs, guthán nó ríomhphost.

   iii. comhlánaíonn siad foirm atreoraithe shlán ar líne tríd an tairseach thiomnaithe trí logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie

   iv. tugann siad cóip den atreorú don CRS.

b) Déanann an SSC teagmháil leis an CRS trí ghuthán lena dtinneas, a stádas reatha sláinte agus a neamhláithreacht ón obair (nuair atá sin ábhartha) a phlé. Mura bhfuil an SSC in ann teagmháil a dhéanamh leis an CRS iarrfaidh siad cúnamh an fhostóra.

c) Is é an toradh a bheidh ar an nglao gutháin leis an CRS ceann amháin dá seo a leanas:

   i. Deimhnítear fad dóchúil na neamhláithreachta agus comhaontaítear dáta don CRS filleadh ar obair. Cuirtear in iúl don fhostóir an dáta le filleadh ar obair agus iarrtar ar an bhfostóir an CRS a ath-atreorú mura dtarlaíonn an filleadh ar obair ***nó***

   ii. Murar féidir dáta chun filleadh ar obair a dheimhniú, socraíonn an SSC athbhreithniú ar ghuthán ag dáta eatramhach comhaontaithe ***nó***

   iii. Más cuí, tairgtear don CRS coinne leis LSC i gceann amháin de na hionaid réigiúnacha.

d) Má thairgtear coinne don CRS le LSC, tugann an LSC don fhostóir dáta agus am le haghaidh coinne. Mura bhfóireann seo, déanann an fostóir teagmháil leis an LSC le haghaidh coinne nua agus téann ar ais chuig an CRS.

e) Cuirtear in iúl don fhostóir toradh an mheasúnaithe, agus bíonn 'Tuairisc ar Ábaltacht chun Oibre' ina dhiaidh sin ón LSC. Sa Tuairisc seo beidh sonraí ábhartha maidir le hábaltacht chun oibre, amscála dóchúil le haghaidh filleadh ar an obair agus aon chóir/srian is gá. Ba chóir don fhostóir cóip den Tuairisc seo a chur ar fáil don CRS.

f) Má mheastar an CRS a bheith neamhábalta chun oibre ag am na coinne leis an LSC, iarrtar ar an bhfostóir an CRS a atreorú le haghaidh athbhreithniú tar éis tréimhse atá cuí don riocht leighis mar atá deimhnithe ag an SCC.

# CAIBIDIL 3 – FORÁLACHA UM THINNEAS CRITICIÚIL (FTC)

## 1. Réamhrá

1.1 Féadfar FTC a dheonú ar CRS a dtagann éagumas air/uirthi de thoradh ar thinneas criticiúil nó gortú fisiciúil tromchúiseach agus a bhfuil fianaise thacúil leis aige/aici má dhéanann sé/sí iarratas, i dtosca eisceachtúil mar a ndéantar foráil dóibh sa Mholadh ón gCúirt Oibreachais (MCO 20667).

1.2 Nuair atáthar ag cinneadh an féidir CRS a mheas le haghaidh FTC, ba chóir an CRS de ghnáth a bheith faoi chúram faoi láthair nó le deireanas Lia Chomhairligh, mar othar cónaitheach nó seachtrach.

1.3 Is cinneadh a dhéanann an fostaí é FTC a dheonú tar éis comhairle leighis SSC a mheas.

## 2. Prótacal FTC

2.1 Ní mór an prótacal a shonraítear thíos a leanúint:

a) Ní mór don CRS iarratas díreach a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar FTC ar an "Iarratas Fostaí ar FTC" atá ar fáil ag www.education.ie.

b) Nuair a fhaightear "Iarratas Fostaí ar FTC" comhlánaithe ní mór don fostóir tús a chur le atreorú chuig an SSC trí logáil isteach ar www.medmark4teachersna.ie agus foirm "Atreorú Sláinte Ceirde" a chomhlánú. Ba chóir don fhostóir cóip den atreorú a thabhairt don CRS.

c) Ní mór don fhostóir "Iarratas Fostaí ar FTC" comhlánaithe an CRS a scanadh agus é a cheangal le foirm ar líne an fhostóra "Atreorú Sláinte Ceirde".

d) Nuair a chuirtear isteach an fhoirm "Atreorú Sláinte Ceirde", gheobhaidh an fostóir **Uimhir Atreoraithe** uathúil FTC (ón SSC). Beidh an uimhir seo ag teastáil ón bhfostóir nuair a bheidh siad ag cur isteach neamhláithreachtaí ar an CÉAL/an córas BOO ábhartha. Bíonn an Uimhir Atreoraithe le feiceáil mar CIPR (sampla CIPR-OHM-087870) ar an CÉAL.

e) Ní mór don CRS (nó Lia Comhairleach atá ag tabhairt cóir leighis) tuairisc leighis chomhlánaithe a chur isteach, laistigh de fhráma ama cuí, ón Lia Comhairleach go díreach chuig an SSC. Ní gá don tuairisc leighis seo a bheith in éineacht le hiarratas FTC an CRS.

f) Ní mór an Uimhir Atreoraithe FTC (ar fáil ón bhfostóir) a thabhairt don SSC le tuairisc leighis an Lia Chomhairligh. Is é freagracht an fhostóra an CRS a chur ar an eolas faoina leanas maidir leis an tuairisc seo:

i. Ní mór speisialtóireacht an Lia Chomhairligh a bheith cuí maidir leis an tinneas criticiúil dá bhfuil an CRS ag déanamh éilimh.

ii. Tá sé riachtanach an fhianaise leighis a chuirtear isteach a bheith cuimsitheach agus go bhfuil gach sonra cliniciúil ábhartha san áireamh inti, mar a iarrtar.

iii. Ní mór dó tabhairt faoi dhiagnóis, cóir leighis agus prognóis agus dátaí iontrálacha ospidéil, nuair atá sin ábhartha.

iv. Is freagracht an CRS é an costas a bhaineann le gach tuairisc mar seo a thiomsú.

g) Ní féidir an t-iarratas ar FTC a phróiseáil go dtí go bhfuil an fhoirm “Atreorú Sláinte Ceirde”, “Iarratas Fostaí ar FTC” agus tuairisc leighis an Lia Chomhairligh faighte ag an SSC.

h) Measfaidh an SSC an fhaisnéis a chuireann an Lia Comhairleach ar fáil agus féadfaidh siad dul i gcomhairle leo má bhraitheann siad go mbeadh seo cuidiúil. Ní riachtanas absalóideach é diagnóis deiridh a bheith déanta. Féadfaidh an SSC glacadh le diagnóis toimhdean cás ar chás.

i) Nuair a bheidh scrúdú déanta ar an bhfoirm “Atreorú Sláinte Ceirde” agus tuairisc leighis an Lia Chomhairligh, tabharfaidh an SSC comhairle don fhostóir maidir le “Tuairisc Leighis FTC d’Fhostóir” más ea, ina dtuairim:

i. Ag an am a cuirtear i láthair leis an tinneas faoi leith bhí an CRS ábalta/neamhábalta filleadh ar a d(h)ualgais reatha nó ar dhualgais oiriúnaithe (nuair is féidir sin a dhéanamh) *agus*

ii. Comhlíonann sé/sí na critéir leighis chun FTC a dheonú.

j) Má chomhairlíonn an SSC go gcomhlíonann riocht leighis an CRS na critéir leighis le haghaidh FTC, tabharfar don fhostóir **Uimhir Mholta** FTC uathúil (mar shampla CIPA-RTX-021128). Beidh an uimhir CIPA ag teastáil chomh maith d’fhostóirí ag cur isteach ceadanna neamhláithreachta ar an CÉAL.

k) Má chomhairlíonn an SSC nach gcomhlíonann riocht leighis an CRS na critéir leighis le haghaidh FTC, tabharfaidh an SSC don CRS faisnéis leighis bhreise ar “Tuairisc Leighis FTC d’Fhostaí”.

l) Is féidir leis an CRS más mian leis/léi, an fhaisnéis bhreise seo a thabhairt don fhostóir, a fhéadfaidh cuidiú leo ag déanamh cinnidh ar an iarratas FTC. Cuirtear in iúl don CRS sa tuairisc seo gur féidir faisnéis leighis bhreise a chur ar fáil don fhostóir laistigh de <u>10 lá</u> ó fhaightear an tuairisc.

m) Le haird ar na Treoirlínte um Dhiscréid Bhainistiúil, déanfaidh an fostóir cinneadh ar an iarratas ar FTC agus cuirfidh siad in iúl don CRS i scríbhinn.

n) Mura ndeontar FTC ar bhonn deimhniú leighis nó discréid bhainistiúil, áireofar i litir an fhostóra chuig an CRS sonraí an phróisis achomhairc a leagtar amach ag Alt 3 den Chaibidil seo dar teideal “Achomharc FTC”.

o) Ní mór don fhostóir atreorú FTC an CRS agus a gcinneadh a thaifeadadh ar an iarratas FTC (lena n-áirítear achomharc, nuair is cuí) ar an CÉAL/an córas BOO ábhartha.

## 3. Achomharc FTC

### 3.1 Achomharc ar Chinneadh Leighis an FTC

a) Tá speisialtóir cláraithe neamhspleách sa leigheas ceirde roghnaithe agus ceadaithe ag an SSC agus ag Príomhoifigeach Leighis na Státseirbhíse, chun meicníocht a chur ar fáil do CRSanna ar mian leo achomharc a dhéanamh ar chinneadh leighis maidir le tinneas criticiúil.

b) Féadfaidh CRS achomharc a dhéanamh in éadan an chinnidh leighis de réir na nósanna imeachta seo a leanas:

i. Ní mór don CRS scríobh chuig an bhfostóir laistigh de 30 lá ó fhaightear chéad chinneadh FTC an fhostóra, ag leagan amach na cúiseanna le hachomharc.

ii. Ní mór an t-achomharc a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis leighis a chuirtear i láthair an SSC i mbuniarratas an CRS. Ní féidir fianaise leighis nua a chur isteach ag an bpointe seo den phróiseas FTC.

iii. Ní féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh leighis ach maidir leis na critéir leighis mar atá sonraithe ag Aguisín 1 agus ní féidir sin a dhéanamh ach amháin go bhfuil an CRS measta a bheith neamhábalta de réir míochaine chun oibre ag an SSC ag an am a chuir siad i láthair le tinneas faoi leith.

iv. Cuirfidh an fostóir isteach litir achomair an CRS chuig an SSC agus cuirfidh siadsan an cás ar aghaidh ansin chuige an speisialtóir cláraithe neamhspleách i leigheas ceirde le haghaidh athbhreithniú. Is é a bheidh san achomharc de ghnáth ná athbhreithniú ar chomhad amháin.

v. Tá costas an mheasúnaithe ar achomharc socraithe ag €100 agus is é an CRS a sheasfaidh sé. Ní mór dó/di ordú poist/dréacht bainc nó seic a cheangal lena n-achomharc do chostas iomlán an mheasúnaithe, iníoctha le "Medmark Ltd. – CIP Appeal Account". Má éiríonn leis an achomharc aisíocfaidh an SSC costas an mheasúnaithe.

vi. Cuirfear toradh an mheasúnaithe leighis in iúl trí thuairisc dar teideal "Toradh ar Achomharc FTC" don fhostóir le haghaidh gnímh agus don SSC le haghaidh taifid.

vii. Is don fhostóir atá an cinneadh deiridh maidir leis an achomharc, tar éis dóibh comhairle leighis an SSC a mheas.

### 3.2 Achomharc ar Chinneadh Bainistíochta an FTC

a) Is féidir cinneadh an fhostóra FTC a dhiúltú bunaithe ar dhiscréid a achomharc agus ba chóir don fhostóir a gcearta ina leith seo a chur in iúl don CRS. Má tá cinneadh an fhostóra á achomharc, ní mór na Nósanna Imeachta um Chasaoid don rannóg ábhartha a leanúint.

## AGUISÍN 1 (CAIBIDIL 3): CRITÉIR LEIGHIS LE FTC A DHEONÚ

Tabharfaidh an SSC comhairle maidir le cé acu, ina dtuairim, atá nó nach bhfuil na critéir leighis comhlíonta:

1) Tá an CRS neamhábalta de réir míochaine filleadh ar a d(h)ualgais reatha nó, nuair is féidir, dualgais oiriúnaithe sa ghrád pá céanna.

2) Tá **<u>ar a laghad ceann amháin</u>** de na gnéithe seo a leanas ag an riocht míochaine seo:

   (a) Tinneas fisiciúil dian atá bagrach don bheatha

   (b) Tinneas ainsealach forchéimnitheach, a bhfuil féidearthacht sheanchruthaithe leis go ngiorróidh sé ionchas saoil[2]

   (c) Tráma mór fisiciúil a éilíonn de ghnáth cóir máinlíochta obráide dhian cheartaitheach.

   (d) Cúram cónaitheach nó ospidéil deich lá as a chéile nó níos mó.[3]

---

[2] Tagraíonn sé seo don riocht agus ní don duine aonair. Ní mór dó a bheith seanchruthaithe sa litríocht mhíochaine phiarmheasúnaithe go bhfuil de thoradh ar an riocht míochaine laghdú san ionchas saoil.

[3] I gcás tinneas a bhaineann le hiompar clainne, laghdófar an riachtanas a bheith san ospidéal ar feadh deich lá as a chéile go dhá lá as a chéile nó níos mó de chúram cónaitheach ospidéil/clinice.

# CAIBIDIL 4 – SCOR DROCHSHLÁINTE

## 1. Scor Drochshláinte

1. Tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas le haghaidh scor drochshláinte (SDS) sna doiciméid seo a leanas atá ar fáil ag www.education.ie – Baile – Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Pinsin Foirne Neamhtheagaisc – Scor mar gheall ar Chúiseanna Sláinte:

   ***a) Faisnéis SDS – Nósanna Imeachta maidir le Scor Drochshláinte CRSanna***
   ***b) Ciorclán 0006/2012 "Scéimeanna Pinsin arna maoiniú ag an Oireachtas – Nósanna Imeachta um Scor Drochshláinte "***

2. Féadfaidh CRS a shocrú cur isteach ar phinsean scoir drochshláinte (SDS) tar éis dó/di riocht leighis a fhorbairt agus a bheith tagtha ar an tuairim go bhfuil sé/sí ar éagumas buan agus gur dócha go mbeidh an éiglíocht buan.

3. Tá impleachtaí suntasach ag scor baill de scéim pinsin mar gheall ar dhrochshláinte do:
   a) An duine aonair i dtéarmaí: stádas; teacht isteach, gníomhaíocht agus idirghníomhú sóisialta.
   b) An eagraíocht fostaithe i dtéarmaí caillteanas: scileanna, taithí, costais tacaíochta sealadaí agus earcaíocht.
   c) An Scéim Pinsin Gairme.

4. Mar sin, maidir le moltaí do SDS:
   a) Ní dhéantar iad go neafaiseach ach tar éis imscrúdú iomlán agus machnamh.
   b) Ní dhéantar iad ach tar éis gach deis a thabhairt don bhall den scéim téarnamh agus filleadh go dualgais reatha agus eile, lena n-áirítear machnamh ar gach coigeartú agus is féidir, agus fiosrú iomlán déantar orthu agus iad a bheith curtha as an áireamh.
   c) Ní úsáidtear iad mar mhodh le fadhbanna bainistíochta a réiteach, ba chóir plé leo siúd de réir nósanna imeachta bainistíochta, riaracháin nó smachta cuí.
   d) Ní dhéantar iad le slí a dhéanamh do bhall scéime nach mian leis/léi, ar chúiseanna nach mbaineann le míochaine, fanacht san fhostaíocht chuí.

5. **Le cur faoi bhráid CRSanna agus Bainisteoirí Scoile go háirithe**
   a) Má dhéanann ball scéime iarratas ar shochar pinsin SDS, ba chóir don fhostóir a bheith airdeallach ar na himpleachtaí a bhaineann lena leithéid d'iarratas.
   b) Más iad an Roinn/BOO a dhéanann an cinneadh gan sochar pinsin SDS a bhronnadh, ba chóir don bhall scéime an cheist a phlé leis an bhfostóir. Is ceist nach mór don fhostóir plé leis an SSC é an cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí don bhall scéime freastal ar obair.
   c) Má tá ball scéime ag fáil sochar pinsin SDS, ní fhéadfaidh sé/sí a bheith páirteach ina dhiaidh sin i bhfostaíocht in aon scoil ná coláiste atá á mhaoiniú go díreach nó go hindíreach ag an Stát.
   d) Cuirfidh an Roinn in iúl don fhostaitheoir maidir le toradh an iarratais, aon achomharc ag an mball scéime agus an dáta scoir maidir le hiarratas rathúil. I gcás BOOanna, cuirfidh an BOO in iúl don bhall scéime maidir le toradh an iarratais, aon achomharc ina dhiaidh sin ag an mball scéime agus an dáta scoir maidir le hiarratas rathúil.

## 2. Achomharc Scoir Drochshláinte

1. Féadfaidh CRS an cinneadh iarratas a dhéanamh ar shochar pinsin SDS a dhiúltú de réir na nósanna imeachtaí ar a dtugtar breac-chuntas sna doiciméid seo a leanas ar fáil ag www.education.ie – Baile – Foireann Oideachais – Seirbhísí – Scor/Pinsin – Pinsin Foirne Neamhtheagaisc – Scor mar gheall ar Chúiseanna Sláinte:

   ***a) Faisnéis SDS – Nósanna Imeachta maidir le Scor Drochshláinte CRSanna***
   ***b) Ciorclán 0006/2012***

2. Ní chuireann torthaí an phróisis achomhairc isteach ar chearta dlí an bhaill scéime maidir le Réiteach Aighneas Inmheánach (RAI) nó Oifig an Ombudsman do Phinsin. Is féidir breathnú ar thuilleadh eolais ar an bpróiseas RAI ag Aguisín A den doiciméad ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/pen_ill_health_procedures_2019.pdf

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

# Forálacha um Thinneas Criticiúil (FTC)

# Treoracha um Dhiscréid Bhainistiúil

## Deireadh Fómhair 2019

## Treoracha um Dhiscréid Bhainistiúil FTC

**1.** Is é cuspóir na dTreoracha um Dhiscréid Bhainistiúil cuidiú le fostóirí cinntí a dhéanamh cinntí a dhéanamh maidir le FTC a dheonú ar bhonn na discréide bainistiúla má tá "tosca eisceachtúla" ann.

**2.** Is ceist le deimhniú ag an bhfostóir tar éis na tosca ábhartha go léir a mheas é an cinneadh an dtuilleann "tosca eisceachtúla" FTC. Tá d'aidhm ag na treoirlínte cuidiú le fostóirí ag déanamh cinneadh cóir agus réasúnta.

### 3. Tosca le haghaidh FTC a dheonú

**3.1** Féadtar FTC le haghaidh tinneas criticiúil, gortú tromchúiseach nó riocht leighis dáiríre a dheonú in dhá thoisc:

- FTC ar bhonn critéir leighis
- FTC ar bhonn discréid bhainistiúil

#### a) FTC ar bhonn critéir leighis

Féadfar FTC a bheith deonaithe ar bhonn deimhniú leighis ag an bhfostóir i gcásanna inar thug an SSC go bhfuil an CRS ag fulaingt tinneas criticiúil, gortú dáiríre nó riocht leighis tromchúiseach bunaithe ar na critéir leighis a shonraítear sa Scéim um Shaoire Bhreoiteachta. Cé gurb é an fostóir a dhéanann an cinneadh FTC a dheonú i gcónaí, tá sé bunaithe ar Thuairisc Leighis FTC an SSC.

#### b) FTC ar bhonn discréid bhainistiúil

Beidh cásanna ann lena mbaineann tinneas tromchúiseach, gortuithe nó riochtaí, ach nach dtiteann laistigh de na critéir leighis chun FTC a dheonú.

I gcásanna mar seo, tá discréid ag fostóirí maidir le cé acu FTC a dheonú nó gan a dheonú tar éis anailís ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus tosca an cháis. Tá seo le cásanna a chuimsiú lena mbaineann tinneas, gortú nó riocht a mheasfaí de ghnáth a bheith tromchúiseach, ach nach gcomhlíonann na critéir leighis. Mar shampla, obráid thromchúiseach, le hachar téarnaimh fada, nach mbaineann fanacht san ospidéal leis atá chomh fada leis an achar ama atá riachtanach faoi na critéir leighis.

Tá sé beartaithe nach mbeidh FTC ar bhonn discréid bhainistiúil ag teastáil ach amháin i gcásanna tromchúiseanna agus/nó eisceachtúla. Is féidir leis an bhfostóir treoir a lorg ón SSC ar cheisteanna leighis laistigh de theorainneacha na rúndachta leighis.

### 4. Cad é nach mór don fhostóir a dheimhniú?

4.1 Leagann na "Rialacháin" síos nach mór dá leanas a bheith deimhnithe chun FTC a dheonú ar bhonn "tosca eisceachtúla":

- Go bhfuil “tosca eisceachtúla” ann; agus
- Go mbaineann na tosca eisceachtúla sin leis tinneas, gortú nó riocht an CRS; agus
- Go dtuilleann na tosca eisceachtúla sin FTC a dheonú

## 5. Cad é ba chóir don fhostóir a mheas?

5.1 Ba chóir don fhostóir gnáthchiall an fhocail “eisceachtúil” a mheas, a chiallaíonn “neamhghnách” nó “neamhthipiciúil”. Ba chóir a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an riocht ina thinneas, gortú nó riocht normálta nó tipiciúil nó cé acu atá sé neamhghnách agus/nó nach tinneas, gortú nó riocht tipiciúil é cé nach gá dó a bheith annamh.

### 5.2 Trí fhoinse eolais

5.2.1 Nuair atáthar ag deimhniú má tá “tosca eisceachtúla” ann a thuillfeadh deonú FTC ar bhonn discréid bhainistiúil, ba chóir don fhostóir na trí fhoinse eolais seo a leanas a mheas le linn an phróisis cinnteoireachta.

**Cinneadh Fostóra**

| | | |
|---|---|---|
| **(a) Tuairisc leighis FTC** | **(b) Faisnéis Ábhartha ón CRS** | **(c) Faisnéis Ábhartha Acmhainní Daonna agus breithiúnas gairmiúil** |

**(a) Tuairisc leighis FTC**

Nuair atáthar ag déanamh cinnidh ar iarratas CRS ar FTC, ba chóir don fhostóir “Tuairisc Leighis FTC don Fhostóir” a thabharfaidh comhairle faoi cé acu atá nó nach bhfuil riocht leighis an CRS ag comhlíonadh na gcritéar leighis do FTC.

Mura gcomhlíonann an tinneas, gortú nó riocht na critéir leighis do theidlíocht FTC, cuirfidh an SSC faisnéis leighis bhreise ar fáil don CRS ar a bhfuil siad eolach agus a mheasann siad a bheith ábhartha. I measc samplaí tá:

a) Achair ama téarnaimh chaighdeánacha don riocht nuair atá siad seo ann, le haird ar chineál na hoibre (e.g. gnáthaimh mháinliachta roghnacha);

b) Coinníollacha leighis bhreise a bheith ann nuair atá sin ábhartha;

c) Castachtaí leighis a bheith ann;

d) Aon fhaisnéis eile a mheasann siad a bheith ábhartha le cuidiú leis an bhfostóir cinneadh a dhéanamh le FTC a dheonú faoi dhiscréid bhainistiúil (e.g. a bheith ag fanacht mar othar cónaitheach in ospidéal cóngarach don tairseach 10 lá).

Is féidir an fhaisnéis bhreise seo a bheith curtha ar fáil ag an CRS don fhostaitheoir, más mian leo é, laistigh de 10 lá ó fuarthas an ‘Tuairisc Leighis FTC don Fhostaí’ a fhéadfaidh cuidiú leis an bhfostóir ag déanamh cinnidh ar an iarratas ar FTC. Ba chóir don fhostóir 10 lá a fhágáil ó dháta a fuarthas ‘Tuairisc Leighis FTC’ chun an fhaisnéis bhreise a chur isteach sula ndéanfar cinneadh ar iarratas an CRS.

Mura gcomhlíonann an tinneas, gortú nó riocht na critéir leighis do theidlíocht FTC, ba chóir don fhostóir a mheasúnú an ionann an fhaisnéis bhreise seo agus "tosca eisceachtúla" a bhaineann le tinneas, gortú nó riocht ábhartha an CRS.

**(b) Faisnéis Ábhartha ón CRS**

Ba chóir don fhostóir a mheas cé acu ba chóir nó nár chóir faisnéis bhreise a éileamh agus féadfaidh sé gur mhian leo teagmháil a dhéanamh leis an CRS ionas go bhfuil siad eolach ar na tosca go léir arbh fhéidir gurb ionann iad agus aon "tosca eisceachtúla". Ba chóir don fhostóir a leanas a mheas, tar éis teagmháil a dhéanamh leis an CRS:

a) Cé acu atá nó ach bhfuil na critéir a leagtar amach sa Scéim um Shaoire Bhreoiteachta beagnach comhlíonta, nó atá nó nach bhfuil aon tosca eile gaolta leis an tinneas, gortú nó riocht leighis ar chóir breathnú air mar "eisceachtúil";

b) Déine an tinnis, an ghortaithe nó an reachta leighis.

Níor chóir don fhostóir bail airgeadais an CRS nó a bhfeidhmíocht ag an obair a mheas.

**(c) Faisnéis Ábhartha Acmhainní Daonna agus breithiúnas gairmiúil**

Ba chóir don fhostóir aon fhaisnéis bhainteach AD nó foinsí eile breithiúnais ghairmiúil a mheas. I measc samplaí tá:

i. Fad aon neamhláithreachtaí go dáta a bhaineann leis an tinneas, gortú nó riocht Ba chóir a nótáil nach féidir an fhaisnéis seo a úsáid le plé le haon iarratas le níos lú fabhar;

ii. An cur chuige a úsáideann an fostóir i gcásanna eile agus an gá le leanúnachas sa chur chuige; agus

iii. Cé acu a bheadh nó nach mbeadh deonú nó diúltú FTC réasúnta, ag cur san áireamh aon fhaisnéis a cuireadh ar fáil arbh fhéidir breathnú air mar thosca eisceachtúla.

Ba chóir don fhostóir a chinntiú nach bhfuil aon choimhlint leasa nuair atá an t-iarratas FTC á mheas. Ba chóir dóibh a mheas cé acu an bhfuil an CRS ina dhlúthchara/neasghaol nó, de rogha air sin, ar thóg nó nár thóg an CRS casaoid ina n-éadan.

**6. Cuir in iúl don CRS faoin gcinneadh**

6.1 Ba chóir don fhostóir a gcinneadh a chur in iúl don CRS i scríbhinn, ag déanamh achoimre gairid ar na hábhair a ndearnadh measúnú orthu. Ba chóir do chinneadh an fhostóra a léiriú gur measadh gach faisnéis ábhartha agus nár imir faisnéis neamhábhartha tionchar orthu. Más cinneadh an fhostóra iarratas FTC an CRS a dhiúltú ba chóir don fhostóir a gcearta ar achomharc a chur in iúl don CRS.

6.2 Tá eolais níos mionsonraí ar an bpróiseas achomhairc do na cinntí Leighis agus Bainistiúla le fáil ag Caibidil 3 (cuid 3 dar teideal "Achomharc FTC) de Lámhleabhar Nósanna Imeachta Fostóirí.

## Aguisín C – Áirimh Shamplacha maidir le Tinneas a bhaineann le hIompar Clainne

**Forálacha maidir le Tinneas a bhaineann le hIompar Clainne**

Socrú Leanúnach maidir le Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le hIompar Clainne

Deir Rialachán 20 de Bhainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta):
Cuirfear gach neamhláithreacht SBT faoin scéim reatha um Shaoire Bhreoiteachta de shochar ar ais ag leath an ráta pá *laistigh de na gnáth-theorainneacha um Shaoire Bhreoiteachta.*

**NÍL** Rialachán 20 **CUÍ ACH AMHÁIN**:

- Má bhain CRS a dtairseach 4 bliana do Shaoire Bhreoiteachta le pá (183 nó 365 lá).
- Mura bhfuil an neamhláithreacht ina neamhláithreacht SBT dheimhnithe.
- Tá neamhláithreacht SBT dheimhnithe roimhe sin ag CRS a tharla sa tréimhse 4 bliana roimhe sin.

Tá taifead Saoire Breoiteachta Patricia mar seo a leanas:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 1 Márta 2016 | 31 Márta 2016 | 31 | Tinneas Deimhnithe |
| 4 Aibreán 2016 | 4 Bealtaine 2016 | 31 | Tinneas Deimhnithe |
| 3 Deireadh Fómhair 2016 | 1 Samhain 2016 | 30 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le hIompar Clainne |
| 2 Samhain 2016 | 31 Eanáir 2017 | 91 | Leath Pá Saoire Breoiteachta a bhaineann le hIompar Clainne |
| 8 Bealtaine 2017 | 30 Bealtaine 2017 | 23 | Leath Pá Saoire Breoiteachta a bhaineann le hIompar Clainne |
| | IOMLÁN | 206 | |

Téann Patricia ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe ón 7 Eanáir 2019 go dtí an 7 Aibreán 2019 (91 lá).

- Ag amharc siar thar 4 bliana – níos mó ná 183 lá
  SBT socrú leanúnach – *Gach SBT curtha ar ais chun sochair ag leath pá (laistigh de ghnáth-theorainneacha Saoire Breoiteachta faoi Rialachán 20)* 4 Bliana nua (Neamh-SBT) Iomlán = 62 *(206 – 144)*
- Ag amharc siar thar 4 bliana – níor baineadh amach 183 lá Saoire Breoiteachta (iarmhéid 121 lá)

Íocfar leath pá le Patricia ar feadh 91 lá, ag tabhairt a Saoire Bhreoiteachta ‘Neamh-SBT’ iomlán go 153 lá in 4 lá.

## Aguisín D – Aisamharc Déach

**Aisamharc Déach**

**Cás 1 – Gnáth-thinneas**

Tá taifead Saoire Breoiteachta Ann mar seo a leanas:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Ean 16 | 19 Feabh 16 | 39 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Márta 17 | 15 Márta 17 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 28 Feabh 18 | 6 Aib 18 | 38 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 7 Aibreán 18 | 30 Bealtaine 18 | 54 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 31 Bealtaine 18 | 5 Iúil 18 | 36 lá | Tinneas Deimhnithe Leath Pá |
| | IOMLÁN | 182 lá | |

Téann Ann ar Shaoire Bhreoiteachta ón 2 Eanáir 2019 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019 (30 lá).

- Ag amharc siar thar 4 bliana – níor baineadh amach 183 lá Saoire Breoiteachta
- Ag amharc siar thar 1 bhliain – níor baineadh amach 92 lá Saoire Breoiteachta

Íocfar pá iomlán le Ann ar feadh 1 lá. Ag úsáid aisamharc déach, tá 182 lá ag Ann cheana féin sa tréimhse rollach 4 bliana, mar sin níl ach 1 lá de Shaoire Bhreoiteachta le pá fágtha aici. De bhrí nach raibh aon Saoire Bhreoiteachta aici sna 12 mhí roimh an 2 Deireadh Fómhair 2019, tá rochtain aici ar phá iomlán don lá sin. Má chomhlíonann Ann na critéir do ÍSA, bheadh na 29 lá atá fágtha íoctha ag an ráta sin.

**Cás 2 – Tinneas Criticiúil**

Tá taifead Saoire Breoiteachta John mar seo a leanas:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Bealtaine 16 | 23 Meith 16 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Nollaig 16 | 15 Nollaig 16 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 1 Márta 17 | 3 Aibreán 17 | 34 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 4 Aibreán 17 | 20 Meith 17 | 78 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | IOMLÁN | 170 lá | |

Téann John ar Shaoire Bhreoiteachta dheimhnithe ón 2 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 29 Aibreán 2020 (211 lá). Cuireann John iarratas isteach ar thinneas criticiúil, a cheadaítear.

- Ag amharc siar thar 4 bliana – níor baineadh amach 365 lá Saoire Breoiteachta
- Ag amharc siar thar 1 bhliain – níor baineadh amach 183 lá Saoire Breoiteachta

Bhí 170 lá ag John sular thosaigh an tsaoire seo sa tréimhse rollach 4 bliana ach ní raibh aon Saoire Bhreoiteachta san 1 bhliain rollach siar go Deireadh Fómhair 2018, mar sin íocfar 183 lá leis ar phá iomlán. Tugann seo an tSaoire Bhreoiteachta go dtí 353 lá in 4 bliana. Beidh ansin na 12 lá atá fágtha aige ag leath pá agus, má tá sé incháilithe, na 16 dheireanacha ag ÍSA.

## Aguisín E – Áirimh Shamplacha ar Fhabhrú Saoire Bliantúla

**Sampla 1:**
Joe ar Saoire Bhreoiteachta ó 01/09/2017 go 31/08/2018.
Saoire Bhliantúil fabhraithe: 20 lá.
Saoire le glacadh roimh 30/11/2019.
Filleadh Joe ar obair ar 01/09/2018.
Téann Joe ar scor ar 31/08/2019.
Glacadh Saoire Bhliantúil fhabhraithe isteach i ndúnadh scoile le linn na scoilbhliana 2018/19 mar sin ní raibh aon teidlíocht ar íocaíocht in ionad.

**Sampla 2:**
Mary ar Saoire Bhreoiteachta ó 01/09/2017 go 31/08/2018.
Saoire Bhliantúil fabhraithe: 20 lá.
Saoire le glacadh roimh 30/11/2019.
Téann Mary ar scor ar 31/08/2018.
Gan aon deis tairbhe a bhaint as saoire nó gan aon dúnadh scoile ar fáil in 2017/18 mar gheall ar neamhláithreacht ar Shaoire Bhreoiteachta.
Is féidir íocaíocht in ionad saoire fabhraithe a dheonú.

**Sampla 3:**
Sarah ar Saoire Bhreoiteachta ó 01/09/2015 go 31/08/2018.
Saoire Bhliantúil fabhraithe mar seo a leanas:
Bliain saoire 2015/16: 20 lá le glacadh roimh 30/11/2017.
Bliain saoire 2016/17: 20 lá le glacadh roimh 30/11/2018.
Bliain saoire 2017/18: 20 lá le glacadh roimh 30/11/2019.
Téann Sarah ar scor ar 31/08/2018.
2015/16: Gan aon deis Saoire Bhliantúil a ghlacadh mar gheall ar neamhláithreacht ar Saoire Bhreoiteachta, ach teidlíocht géillte mar tá an teorainn ama éagtha.
2016/17 agus 2017/18: 40 lá de Shaoire Bhliantúil fabhraithe. Gan aon deis saoire a ghlacadh agus gan aon dúnadh scoile ar fáil mar sin is féidir íocaíocht in ionad saoire fabhraithe a dheonú.